

Research Alive! Téarmaí Tagartha

Cúlra agus cuspóirí Research Alive!

Bunaíodh an grúpa Research Alive! In 2013. An cuspóir tosaigh a bhí i gceist leis ná imeacht a reáchtáil ar feadh lá amháin le taithí na múinteoirí a úsáideann fianaise ina gcuid oibre agus torthaí suirbhé náisiúnta maidir lena riachtanais fianaise a chomhroinnt. Uaidh seo, tá an grúpa Research Alive! tar éis leanúint ar aghaidh ag comhoibriú lena chéile leis an úsáid a bhaintear as taighde i gcleachtadh oideachasúil a chur chun cinn agus comhroinnt níos fearr a chothú i measc múinteoirí maidir lena gcuid taithí i dtaobh taighde a chur i bhfeidhm ina gcuid oibre.

Is é atá sa ghrúpa Research Alive! comhfhiontar idir an Chomhairle Mhúinteoireachta, An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) agus an Lárionad do Sheirbhísí Éifeachtacha (LSÉ). Mar atá léirithe ag misean agus cuspóirí na dtrí eagraíocht ar leith mar atá leagtha amach thíos, i dteannta a chéile cuireann siad bailiúchán de chomchuspóirí atreisithe ar fáil le cur leis na naisc idir cúrsaí taighde, polasaí agus cleachtaidh i gcomhthéacs cleachtaidh laethúil sa seomra ranga, an churaclaim agus na measúnachta.

An Chomhairle Mhúinteoireachta

Bunaíodh an Chomhairle ar bhonn reachtúil in 2006 chun an mhúinteoireacht a chur chun cinn mar ghairm, forbairt ghairmiúil na múinteoirí a chur chun cinn agus na caighdeáin sa ghairm a rialáil.

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna na Comhairle Múinteoireachta:

- Clár Múinteoirí a bhunú agus a choimeád.
- Na caighdeáin iontrála sa ghairm agus na caighdeáin in oideachas múinteoirí a chosaint.
- Na caighdeáin den chleachtadh agus iompar gairmiúil a choimeád agus a fheabhsú.
- An taighde a bhaineann leis an teagasc, foghlaim agus measúnú a chur chun cinn.
- Comhairle a chur ar an Aire Oideachais agus Scileanna faoi réimse leathan ábhar ghairmiúla.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

Is Comhairle reachtúil í an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) agus tá sí freagrach as comhairle a chur ar an Aire Oideachais agus Scileanna faoi ábhair a bhaineann leis an gcuraclam agus leis an measúnacht don oideachas luath-óige agus do bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna.

Is é misean an CNCM:

- comhairle a chur ar an Aire Oideachais agus Scileanna faoin gcuraclam agus faoin measúnacht ón oideachas luath-óige go dtí deireadh an dara leibhéal
- Caidreamh a bhunú le foghlaimoirí, múinteoirí, cleachtóirí, tuismitheoirí agus le daoine eile chun tacú leis an nuálaíocht i scoileanna agus i suíomhanna oideachasúla eile

- Taighde a dhéanamh, a úsáid agus a chomhroinnt mar bhunús don chomhairle agus díospóireacht ar chúrsaí oideachais.

An Lárionad do Sheirbhísí Éifeachtacha

Ceanglaíonn an Lárionad do Sheirbhísí Éifeachtacha cúrsaí taighde, polasaí agus cleachtaidh le chéile le feabhas a chur ar na torthaí do phobail, leanaí agus do dhaoine óga ar fud oileán na hÉireann. Oibrímid le tionchar a imirt ar athruithe i bpolasaithe agus córais; tacaímid le dearadh agus cur i bhfeidhm seirbhísí nuálacha; agus forbraímid an t-eolas, na scileanna agus an acmhainn do na ranna rialtas, eagraíochtaí, taighdeoirí agus cleachtóirí.

Mar chuid den ghlúin nua d'eagraíochtaí idirghabhálacha, is eagraíocht neamhbhrabúis í an LSÉ a chuidíonn le leas na bpobal, na leanaí agus na ndaoine óga.

Feidhmeanna

Beidh an grúpa Research Alive! ag comhoibriú lena chéile ar na nithe seo a leanas: forbairt acmhainní, imeachtaí ábhartha a eagrú agus a bheith rannpháirteach iontu, agus an úsáid a bhaineann gairmithe oideachais as an bhfianaise ó thaobh na praiticiúlachta de a chur chun cinn i gcoitinne. I dtús báire, I measc na réimsí ar a mbeidh an Grúpa ag díriú, cé nach bhfuil siad teoranta dóibh, beidh na cinn seo a leanas:

- Rochtain níos fearr a chur chun cinn ar fhianaise taighde do mhúinteoirí agus ag múinteoirí
- Úsáid fheabhsaithe taighde ag múinteoirí agus iad ag cleachtadh a chothú
- Deiseanna a chur ar fáil do mhúinteoirí le teacht le chéile lena dtaithe a chomhroinnt maidir le taighde a úsáid ina gcuid oibre
- An rannpháirtíocht a chur chun cinn agus a éascú i measc taighdeoirí, múinteoirí agus an lucht déanta beartas.
- Forbairt a dhéanamh ar Phobail Cleachta maidir le cleachtadh múinteoireachta bunaithe ar fhianaise agus maidir leis an mbearna a dhruidim idir na taighdeoirí agus na cleachtóirí freisin
- An fheasacht a mhúscailt ó thaobh riachtanas fianaise na múinteoirí
- Tacaíocht a thabhairt do thorthaí níos fearr a bhaint amach do leanaí agus do dhaoine óga trí úsáid níos mó a bhaint as cur chuige bunaithe ar fhianaise i dtreo an chleachtaidh oideachasúil
- Caidreamh a bhunú le forais idirnáisiúnta sa réimse aistriú/úsáid eolais.

Táthar ag dúil leis go bhforbródh feidhmeanna an Ghrúpa Research Alive! de réir a chéile.

Comhdhéanamh an ghrúpa

Beidh an grúpa comhdhéanta d'ionadaithe ceannaireachta agus d'ionadaithe eile ón gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, ón gComhairle Mhúinteoireachta agus ón Lárionad do Sheirbhísí Éifeachtacha.

Minicíocht na gcuinnithe

De ghnáth beidh cruinnithe an ghrúpa Research Alive! ar siúl de ghnáth gach dara mí agus beidh sealáocht na gcuinnithe á reáchtáil ar bhonn leathbhliantúil idir an Chomhairle Mhúinteoireachta, an Lárionad do Sheirbhísí Éifeachtacha agus an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Déanfar na cruinnithe a sceidealú roimh ré agus scaipfear na doiciméid riachtanacha roimh na cruinnithe.